



Polasaí ar Riail na Gaeilge

Irish Language Rule

Gaelscoil na Lochanna, Baile Coimín

Tír gan teanga, tír gan anam!

1. Is gné den Chód Iompair é Polasaí na Gaeilge. Caithfidh gach duine idir múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí é sin a thuiscint.
2. Is scoil lán-ghaelach í GSNL. Scoil ina mhúintear gach ábhar (ach amháin Béarla) trí Ghaeilge i dtimpeallacht spreagúil thaitneamhach.
3. Is í an Ghaeilge a úsáidtear mar ghnáth mheán cumarsáide agus caidreamh idir na múinteoirí, páistí, tuismitheoirí agus cuairteoirí ag a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu. Ní teanga theagaisc amháin í.
4. Béifear ag súil le a lán tacaíocht agus comhoibriú uathu siúd thuasluaite chun meon dearfach i leith úsáid na Gaeilge a chothú.
5. Béifear ag súil freisin go labhróidh na tuismitheoirí cibé Gaeilge* atá acu leis na páistí taobh amuigh agus go mór-mhór taobh istigh de bhallaí na scoile. Beannófar do na múinteoirí agus do na páistí trí Ghaeilge i gcónaí.

The Irish Rule

1. *The Irish policy is connected with the school's Code of Behaviour. It is essential that everybody, including teachers, parents and children understand this concept.*
2. *GSNL is an all-Irish school in which all subjects (with the exception of English) are taught through the Irish language, in an enthusiastic and enjoyable atmosphere.*
3. *The Irish language is the primary means of communication between teachers, children and parents of the school as well as visitors who can speak it. It is not only a teaching language.*
4. *Support and co operation will be sought from the aforementioned to ensure that a positive attitude exists surrounding the use of the Irish language in the school setting.*

- 5. It is also expected of the parents that they would speak to the children through Irish as much as possible both within and in the surrounding area of the school.*

Aidhmeanna

- ✓ A chur ar chumas an pháiste an Ghaeilge a úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide.
- ✓ Go mbeadh an páiste bródúil as an teanga, spéis agus dúil inti agus áthas air go bhfuil sé ag freastal ar ghaelscoil.
- ✓ Taitneamh a bhaint as foghlaim na Gaeilge.
- ✓ Cumas éisteachta agus labhartha an pháiste a fhorbairt agus a muinín chun an Ghaeilge a úsáid a chothú.
- ✓ Cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste a chothú ag léibhéil atá oiriúnach dó/di.
- ✓ Feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú.
- ✓ Cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste.

AIMS

- ✓ *That the child will become equipped to communicate through the Irish language.*
- ✓ *That the child would be proud of the Irish language and be content with being educated through the language.*
- ✓ *To enjoy learning through Irish.*
- ✓ *To develop listening and communication skills and to draw on the child's confidence to use the Irish language.*
- ✓ *To nourish the child's reading and writing skills at an appropriate level.*
- ✓ *To ensure the child is well informed on the Irish language and culture.*
- ✓ *To add to the child's fluency, phonetic accuracy and richness of the language.*

Labhairt na Gaeilge:

Páistí:

Foghlaimítear an teanga trí cheol, spraoi, geaitsíocht, drámaíocht agus rannta. Mealltar na páistí chuig Gaeilge a labhairt agus a bheith bródúil as an dteanga. Moltar sár-iarracht, trí aitheantas a thabairt dóibh i bhfoirm comórtaisí ranga agus comórtaisí scoile.

- ✓ Gaeilgeoirí na Seachtaine
- ✓ Gaeilgeoirí na Bliana
- ✓ Duaiseanna aonair ón mála duaiseanna
- ✓ Duaiseanna aonair ón mbosca duaiseanna
- ✓ Duaiseanna scoile d'úsáid na Gaeilge sa chlós

Cuirtear béim ar Ghaeilge cruinn, líofa a labhairt ó thaobh gramadaí de, go mór mhór ó Rang a 1 ar aghaidh. Déantar iarracht stop a chur leis an aistriú dhíreach ón mBéarla chomh maith.

Cruinneas Teanga: Seo bileog a thugtar do na múinteoirí, do na bótúin is coitianta i measc na bpáistí. Bíonn ceann nua uair sa mhí. Dírionn na múinteoirí ar na bótúin seo don mhí iomláin.

Spreagtar na páistí chun an teanga a úsáid i dtimpeallachtaí eile seachas timpeallacht na scoile agus gníomhaíochta scoile.

- ✓ Eatharthu féin sa bhaile.
- ✓ Le gaolta a bhfuil Gaeilge acu
- ✓ Úsáid a bhaint as na meán-cumarsáide Gaelach m.sh T.G 4/ Raidió na Life.
- ✓ Leabhair Gaeilge a léamh.

Dóibh siúd nach bhfuil sásta Riail na Gaeilge a choimeád (nach bhfuil sásta iarracht a dhéanamh Gaeilge a úsáid)

Usáidfear córas stampa do pháistí ó Rang 1 go Rang 6

Má bhíonn páiste ag labhairt Béarla, gan aon iarracht a dhéanamh chun Gaeilge a labhairt, labhróidh an múinteoir leis/ leí, agus gheobhaidh siad stampa dearg sa dialann obair bhaile (Tá an dialann le síniú gach oíche ag tuistí).

Má fhaigheann na páistí

Rang 1/2 - 6 stampa dearg

Rang 3/4 - 4 stampa dearg

Rang 5/6 - 3 stampa dearg

Má fhaigheann páiste 6 stampa dearg, (nó 4 nó 3 de réir an rang cuí) cuirfear litir abhaile an na Tuismitheoirí agus coimeádfar an páiste istigh ón gclós ar feadh dhá lá (le oide i bhfeighil air/uirthi).

Má fhaigheann páiste 6 stampa dearg don dara uair, arís, coimeádfar an páiste istigh agus glaofar isteach na Tuismitheoirí chun buaileadh leis an bpáiste agus an Múinteoir ranga.

Má fhaigheann páiste 6 stampa dearg don tríú huair, glaofar isteach Tuismitheoirí agus an páiste chun buaileadh leis an bPríomhoide chun an iompar seo a phlé.

Má leanfar fós leis an mBéarlóireacht cuirfear an Bord Bainistíochta ar an eolas.

Ina theannta seo, dóibh siúd atá sásta Gaeilge a úsáid- gheobhaidh siad stampa glas ag deireadh gach lá sa dialann obairbhaile. Dóibh siúd a fhaigheann 3 sheachtain iomláin de stampa glasa (.i. gan aon cheann dearg), gheobhfar duais ón mbosca duaiseanna.

Tuismitheoirí:

Tugtar seans do na tuismitheoirí aon Ghaeilge atá acu a úsáid agus moltar dóibh an Ghaeilge a tharraingt isteach i saoil baile a cuid bpáistí nuair a fhaigheann siad deis.

Chun cabhrú le tuismitheoirí:

- ✓ Cuirfear ranganna Gaeilge ar fáil, nuair is féidir.
- ✓ Seolfar “cúpla focail/frásaí/seanfhocail” abhaile sna nuachtlitreacha.

An Ghaeilge

- Is í an Ghaeilge teanga na scoile.
- Úsáid an leagan Gaeilge de do ainm agus seoladh
- Labhair Gaeilge sa scoil, sa chlós agus ag teacht agus ag imeacht ón scoil.
- Labhair Gaeilge sa bhaile.
- Labhair Gaeilge sna siopaí agus spreag daoine eile chun í a fhoghlaim.
- Bí bródúil as an teanga, is rud speisialta í!

The speaking of Irish:

Children:

The language is learned through music, play, actions, drama and poetry. The children are encouraged to speak Irish and to be proud of their language. Their efforts are encouraged through class and school competitions.

- Irish speakers of the week
- Irish speakers of the year
- Individual awards from the mála for speaking Irish in class
- Individual prizes from the box (bigger prizes) for speaking Irish.
- School prizes for speaking Irish in the yard

An emphasis is placed on precise, fluent Irish speaking, from a grammar perspective, especially from first class onwards. An effort is made also to put a stop to direct translations from English to the Irish language.

Accuracy of language: A sheet is given to the class teachers each month containing the most common mistakes the children are making in Irish. The teachers focus on these mistakes throughout the month.

The children are encouraged to use the Irish language in environments other than at school and at school events / activities.

- Between themselves at home.
- With relatives that have an understanding of the language.
- To make use of Irish mediums of communication such as T,G 4 / Raidió na Life.
- To read Irish books.

Rang 1-Rang 6

A system of stamps will be used for children from Rang1 - Rang 6 to enforce the Irish rule.

To those who are not willing to make an effort to speak Irish in the school

The child will receive a red stamp in their homework journal (Which is to be signed every night)

If children receive

Rang 1/2 – 6 red stamps

Rang 3/4 – 4 red stamps

Rang 5/6 – 3 red stamps

After receiving their first 6 red stamps, (or 4 or 3 according to class level) the child will be kept in and supervised by a Teacher for two days at yard time and a note will inform Parents of this behaviour.

After receiving their second 6 red stamps, (or 4 or 3) the children will again be kept in and be supervised by a Teacher for two days at yard time and will meet with their Parents and the Class teacher.

After receiving their third 6 red stamps, (or 4 or 3) they and their parents will be asked to meet with the school principal to discuss this behaviour and their options.

If the child continues to speak English, the Board of Management will be informed.

On the other hand, children who keep the Irish rule will receive a green stamp in their homework journal. When a child reaches 3 full weeks of green stamps (i.e. no red stamps) they will receive a prize from the prize box.

Parents:

Parents are given the opportunity to use any Irish they may have and are encouraged to draw the Irish language into the home and the lives of their children.

To aid the parents:

- *Adult Irish classes are made available, when possible.*
- *Words / Phrases / Proverbs in Irish will be sent home with the school children.*

The Irish Language

- *Irish is the spoken language of the school.*
- *Use the Irish translation of your name and address.*
- *Speak Irish in the school, the yard and coming and going to and from the school.*
- *Speak Irish at home.*
- *Speak Irish in shops and encourage others to learn it.*
- *Be proud of the language, it's our language!*

Ar scáth a chéile a mhairimid!

Foireann Ghaelscoil na Lochanna

Síniú:_____

Síniú: _____

Dáta: _____